

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13725/26
ADD 1

DRS 39
ECOFIN 1227
EF 253

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	25 Meán Fómhair 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 117980 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabann le RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1803 a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 28

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 117980 annex.

Faoi iamh: D(2026) 117980 annex

GA

D117980/01

IARSCRÍBHINN

**Leasuithe ar an Rogha Luacha Chóir le haghaidh
Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair**

Leasuithe ar IAS 28

Leasuithe ar IAS 28 *Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair*

Leasaítear míreanna 18–19 agus cuirtear mír 45M isteach.
--

Modh an chothromais a chur i bhfeidhm

...

Díolúintí ó mhodh an chothromais a chur i bhfeidhm

...

- 18 Maidir le hinfeistíocht i gcomhlach nó i gcomhfhiontar, i gcás ina shealbhaíonn eintiteas í, nó ina shealbhaítear go hindíreach trí eintiteas í, ar eagraíocht caipitil fiontair, ciste frithpháirteach, iontaobhas aonad nó eintiteas comhchosúil é an t-eintiteas sin, féadfaidh an t-eintiteas a roghnú an infheistíocht sin a thomhas ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas i gcomhréir le IFRS 9. Áirítear le heintitis chomhchosúla eintitis a bhfuil príomhghníomhaíocht ghnó acu maidir le hinfeistíocht a dhéanamh i gcineálacha áirithe sócmhainní (féach mír 49(a) de IFRS 18). Déanfaidh eintiteas an rogha sin ar leithligh le haghaidh gach comhlaigh nó comhfhiontair tráth a thugtar aitheantas tosaigh don chomhlach nó don chomhfhiontar.
- 19 I gcás ina bhfuil infheistíocht i gcomhlach ag eintiteas, a bhfuil sciar di á sealbhú go hindíreach trí eagraíocht caipitil fiontair, ciste frithpháirteach, iontaobhas aonad nó eintiteas comhchosúil, féadfaidh an t-eintiteas a roghnú an sciar sin den infheistíocht sa chomhlach a thomhas ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas i gcomhréir le IFRS 9 gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil tionchar suntasach ag an eagraíocht caipitil fiontair, an ciste frithpháirteach, an t-iontaobhas aonad nó an t-eintiteas comhchosúil ar an sciar sin den infheistíocht. Má dhéanann an t-eintiteas an rogha sin, cuirfidh an t-eintiteas modh an chothromais i bhfeidhm maidir le haon sciar atá fágtha dá infheistíocht i gcomhlach nach bhfuil á sealbhú trí eagraíocht caipitil fiontair, ciste frithpháirteach, iontaobhas aonad nó eintiteas comhchosúil.

...

Dáta éifeachtach agus aistriú

- ...
- 45M Le *Leasuithe ar an Rogha Luacha Chóir le haghaidh Infheistíochtaí i gComhlaigh agus i gComhfhiontair*, arna eisiúint i mí an Mheithimh 2026, leasaíodh míreanna 18–19. Cuirfidh eintiteas na leasuithe sin i bhfeidhm i gcomhréir le mír C7 de IFRS 18 nuair a chuireann sé IFRS 18 i bhfeidhm. Má roghnaigh eintiteas IFRS 18 a chur i bhfeidhm le haghaidh tréimhse níos luaithe i gcomhréir le mír C1 de IFRS 18, agus má thosaíonn an tréimhse níos luaithe sin sula n-eisítear na leasuithe sin, cuirfidh an t-eintiteas na leasuithe i bhfeidhm, i gcomhréir le mír C7 de IFRS 18, le haghaidh na tréimhse tuairiscithe dar críoch tráth eisiúna na leasuithe nó dá éis sin.